Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Lúnasa 2022**
**(OR. en)**

**11780/22**

**SOC 461**
**EMPL 304**
**SAN 480**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair<br>Ceapachán Meeli MIIDLA-VANATALU, comhalta malartach don Eastóin, in ionad Maret MARIPUU, atá éirithe as oifig |

1. Cuireadh in iúl d'Ardrúnaíocht na Comhairle go bhfuil Maret MARIPUU éirithe as bheith ina comhalta malartach den Choiste thuasluaite i gcatagóir ionadaithe na rialtas (don Eastóin).

2. Faoi Airteagal 3 de Chinneadh 2003/C 218/01[1], is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha.

[1]IO C 218, 13.9.2003, lch. 1.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá an t-iarrthóir seo a leanas ainmnithe ag rialtas na hEastóine le teacht in ionad an chomhalta mhalartaigh atá ag éirí as oifig, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha dar críoch an 28 Feabhra 2025:

Meeli MIIDLA-VANATALU
Ard-Stiúrthóir
Cigireacht Saothair na hEastóine
Mäealuse 2/3,
E-12618 Taillinn
Teil.: +372 5302 4017
*ríomhphost: meeli.miidla-vanatalu@ti.ee*

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

(a) an Cinneadh ón gComhairle lena n-ionadaítear comhalta malartach ar Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair a ghlacadh mar mhír 'A'; agus

(b) an Cinneadh a fhoilsiú mar fhaisnéis in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

Dréacht-CHINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena n-ionadaítear comhalta malartach

ar Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh 2003/C 218/01 ón gComhairle an 22 Iúil 2003[2] lena mbunaítear an Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, agus go háirithe Airteagal 3 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh uaithi an 24 Feabhra 2022[3], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha ar Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse dar críoch an 28 Feabhra 2025.

(2) Tá suíochán comhalta mhalartaigh i gcatagóir ionadaithe na rialtas tagtha chun bheith folamh anois ó tharla gur éirigh Maret MARIPUU as.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag rialtas na hEastóine don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[2] IO C 218, 13.9.2003, lch. 1.
[3] IO C 92, 25.2.2022, lch. 1.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Meeli MIIDLA-VANATALU ina comhalta malartach ar Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair in ionad Maret MARIPUU ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 28 Feabhra 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ..., an…

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán